III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN BANC CEANNAIS EORPACH

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 13 Eanáir 2022

ar thogra chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta i ndáil le réiteach

(CON/2022/3)

(2022/C 122/10)

Réamhrá agus bunús dlí

An 29 Samhain 2021 fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Pharlaimint na hEorpa ar thuairim a fháil maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE maidir le láimhseáil stuamachta grúpaí institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus a bhfuil straitéis réitigh iontrála ilphointe acu agus modheolaíocht le haghaidh shuibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe chun an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh ([1]) (dá ngairtear an "rialachán beartaithe" anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE ó thaobh tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil ar áireamh sa rialachán beartaithe forálacha lena ndéantar difear do chúraimí BCE maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 127(6) den Chonradh agus rannchuidiú an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais le seoladh rianúil beartas a bhaineann le cobhsaíocht an chórais airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 127(5) den Chonradh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ghlac an Chomhairle Rialaithe an tuairim seo.

Barúlacha ginearálta

Admhaíonn BCE go bhfuil an rialachán beartaithe comhdhéanta de choigeartuithe teicniúla arb é is aidhm dóibh na cinntí reachtacha substainteacha arna gcur chun feidhme leis na leasuithe is déanaí ar Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (dá ngairtear "BRRD" anseo feasta) a oibríochtú, arna measúnú sa tuairim ó BCE maidir le hathbhreithnithe ar chreat bainistithe géarchéime an Aontais ([3]).

Tacaíonn BCE leis an rialachán beartaithe, lena n-áirithítear ailíniú níos fearr idir forálacha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) (dá ngairtear "an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil" nó "CRR" (Capital Requirements Regulation) anseo feasta) agus forálacha BRRD, tar éis theacht i bhfeidhm an chreata athbhreithnithe maidir leis an Acmhainneacht Iomlán Iniomparthachta Caillteanas (Total Loss-Absorbing Capacity, TLAC) agus an t-íoscheanglas

([1]) COM(2021) 665 final.

([2]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([3]) Tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 8 Samhain 2017 maidir le hathbhreithnithe ar chreat bainistithe géarchéime an Aontais (CON/2017/47) (IO C 314, 31.1.2018, lch. 17).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe. Tacaíonn BCE freisin leis an rialachán beartaithe sa mhéid is go n-áirithítear leis ailíniú níos fearr idir an láimhseáil rialála a dhéantar ar institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo ("global systemically important institutions", G-SIInna) agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointe iontrála ("multiple point of entry", MPE) acu, lena n-áirítear grúpaí lena ngabhann fochuideachtaí atá cláraithe i dtríú tíortha, agus an láimhseáil a leagtar amach i gcaighdeán TLAC.

Don tréimhse amach anseo, iarrann BCE ar chomhlachtaí reachtacha an Aontais faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na leasuithe sin ar CRR i bhfianaise na gcuspóirí thuasluaite, go sonrach chun an t-idirghníomhú idir BRRD agus CRR a mheas agus chun nach mbeidh bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo agus G-SIInna ag gabháil d'arbatráiste rialála idir straitéisí réitigh pointe iontrála aonair agus straitéisí réitigh MPE agus iad sin bunaithe ar an íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe nó spriocleibhéal TLAC.

Moltar roinnt mionchoigeartuithe teicniúla, chun an léirmhíniú ar an téacs dlíthiúil a shoiléiriú nó chun comhsheasmhacht na téarmaíochta a úsáidtear sa rialachán a áirithiú. Chuige sin, tá togra sonrach maidir le dréachtú leagtha amach i ndoiciméad oibre teicniúil ar leithligh agus téacs míniúcháin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil le fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 13 Eanáir 2022.

Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE